*Uimhir* 25 *de* 2024

# An tAcht Cosanta (Leasú), 2024

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 25 *de* 2024

# AN tACHT COSANTA (LEASÚ), 2024

[*An tiontú oifigiúil*]

## CLÁR AN ÁBHAIR

## CUID 1

### Réamhráiteach agus Ginearálta


Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Mínithe
3. Aisghairm
4. Caiteachais


## CUID 2

### Leasú ar an bPríomh-Acht


5. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht
6. Leasú ar alt 48 den Phríomh-Acht
7. Leasú ar alt 53A den Phríomh-Acht
8. Leasú ar alt 64 den Phríomh-Acht
9. Leasú ar alt 67 den Phríomh-Acht
10. Leasú ar alt 97 den Phríomh-Acht
11. Leasú ar alt 103 den Phríomh-Acht
12. Rialacháin a bhaineann le tástáil i gcomhair drugaí rialaithe agus substaintí sícighníomhacha
13. Leasú ar alt 161 den Phríomh-Acht
14. Leasú ar alt 177 den Phríomh-Acht
15. Leasú ar alt 177A den Phríomh-Acht
16. Ionchúisitheoir armchúirte a cheapadh

17. Leasú ar alt 196 den Phríomh-Acht

18. Leasú ar alt 248 den Phríomh-Acht

19. Toirmeasc ar úsáid an téarma “Óglaigh na hÉireann”

20. Leasú ar alt 292 den Phríomh-Acht

21. An Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach — Cuid XIII a chur isteach sa Phríomh-Acht

22. An Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach — an Tríú Sceideal Déag a ghabhann leis an bPríomh-Acht a chur isteach

CUID 3

Leasú ar Achtacháin eile

23. Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986

24. Leasú ar an Acht Cosanta (Leasú), 1990

25. Leasú ar alt 2 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004

## Na hAchtanna dá dTagraítear

Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956 (Uimh. 46)

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Substaintí Sícighníomhacha), 2010 (Uimh. 22)

An tAcht Cosanta (Leasú), 1990 (Uimh. 6)

An tAcht Cosanta (Leasú), 2006 (Uimh. 20)

An tAcht Cosanta, 1954 (Uimh. 18)

An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 (Uimh. 2)

An tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Uimh. 65)

An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)

An tAcht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 (Uimh. 12)

An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Uimh. 11)

An tAcht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004 (Uimh. 36)

*Uimhir* 25 *de* 2024

# AN tACHT COSANTA (LEASÚ), 2024

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú an Achta Cosanta, 1954; do dhéanamh socrú maidir le comhlacht a bhunú ar a dtabharfar Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach Óglaigh na hÉireann agus do dhéanamh socrú maidir lena fheidhmeanna; do leasú an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986; do leasú an Achta Cosanta (Leasú), 1990; do leasú an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[17 *Iúil* 2024]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

## CUID 1

### Réamhráiteach agus Ginearálta

**Gearrtheideal agus tosach feidhme**

**1.** (1) Féadfar an tAcht Cosanta (Leasú), 2024 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh *ailt 5*, *12*, *13*, *16*, *19*, *21*, *22* agus *23* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

**Mínithe**

**2.** San Acht seo—

ciallaíonn “an tAire” an tAire Cosanta;

ciallaíonn “an Príomh-Acht” an tAcht Cosanta, 1954.

**Aisghairm**

**3.** Aisghairtear alt 38 den Phríomh-Acht.

**Caiteachais**

**4.** Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

## CUID 2

### Leasú ar an bPríomh-Acht

**Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht**

**5.** Leasaítear alt 2 den Phríomh-Acht trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

> "tá le 'ionchúisitheoir armchúirte' an bhrí a shanntar dó le halt 184F;
>
> tá le 'Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach' an bhrí a shanntar dó le halt 321;".

**Leasú ar alt 48 den Phríomh-Acht**

**6.** Leasaítear alt 48 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

> "(6) Scarfaidh oifigeach lena choimisiún nó lena coimisiún más rud é—
>
> (a) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa,
>
> (b) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann, nó
>
> (c) go measfar, faoi Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa.".

**Leasú ar alt 53A den Phríomh-Acht**

**7.** Leasaítear alt 53A den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3), trí "nó tréimhsí breise" a chur isteach i ndiaidh "cibé tréimhse bhreise".

**Leasú ar alt 64 den Phríomh-Acht**

**8.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 64:

> "**64.** (1) Faoi réir fho-alt (2) agus aon rialacháin a dhéanfar faoi fho-alt (3), maidir le comhalta de na Buan-Óglaigh arna liostáil faoi alt 53 (dá ngairtear 'comhalta liostáilte' san alt seo), féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh ar thréimhse bhreise seirbhíse sna Buan-Óglaigh, agus féadfar é nó í a athfhruiliú go ceann tréimhse bhreise seirbhíse sna Buan-Óglaigh, tar éis 9 mbliana a bheith caite, arna ríomh ó dháta fianaithe an chomhalta liostáilte, ar tréimhse bhreise seirbhíse í a leanfaidh ar aghaidh go dtí go dtarlóidh an ceann is túisce díobh seo a leanas:

(a) go ndéanfaidh seirbhís an chomhalta liostáilte sin san iomlán tréimhse leanúnach nach faide ná 21 bhliain de sheirbhís arna ríomh mar a dúradh;

(b) go slánóidh an comhalta liostáilte sin an uasteorainn aoise a cheadaítear chun é nó í a choimeád i seirbhís de réir mar a fhorordófar i rialacháin a dhéanfaidh an tAire faoin Acht seo.

(2) Beidh athfhruiliú comhalta liostáilte faoin alt seo faoi réir na nithe seo a leanas—

(a) moladh ó oifigeach ceannais an chomhalta liostáilte go bhfuil an comhalta liostáilte lena mbaineann oiriúnach lena athfhruiliú nó lena hathfhruiliú, agus

(b) an t-údarás míleata forordaithe do cheadú an chomhalta liostáilte lena mbaineann lena athfhruiliú nó lena hathfhruiliú.

(3) Féadfaidh an tAire, i ndáil le comhalta liostáilte a dhéanfaidh iarratas ar athfhruiliú, rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar na coinníollacha a mbeidh feidhm acu maidir le comhalta liostáilte a athfhruiliú faoin alt seo, lena n-áirítear na nithe seo a leanas—

(a) an caighdeán aclaíochta coirp a bheidh le baint amach,

(b) an cód aicmiúcháin liachta íosta a bheidh le sealbhú,

(c) na cúrsaí teagaisc míleata a bheidh le críochnú,

(d) an tréimhse seirbhíse lasmuigh den Stát a bheidh le críochnú laistigh de thréimhse fhorordaithe, agus

(e) an caighdeán iompair nach mór cloí leis.

(4) Maidir le rialacháin faoin alt seo—

(a) féadfar foráil éagsúil a dhéanamh leo i ndáil le haicmí éagsúla comhaltaí liostáilte, agus

(b) féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith iontu is dealraitheach don Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán.”.

**Leasú ar alt 67 den Phríomh-Acht**

**9.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 67:

**“67.** (1) Faoi réir fho-alt (2) agus aon rialacháin a dhéanfar faoi fho-alt (3), maidir le cúltacaire, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh ar thréimhse bhreise seirbhíse sna hÓglaigh Cúltaca, agus féadfar é nó í a athfhruiliú go ceann tréimhse bhreise seirbhíse sna hÓglaigh Cúltaca, tar éis 9 mbliana a bheith caite, arna ríomh ó dháta fianaithe an chúltacaire, ar tréimhse bhreise seirbhíse í a leanfaidh ar aghaidh go dtí go dtarlóidh an ceann is túisce díobh seo a leanas:

(a) go ndéanfaidh seirbhís an chúltacaire san iomlán tréimhse leanúnach nach faide ná 21 bhliain de sheirbhís arna ríomh mar a dúradh;

(b) go slánóidh an cúltacaire an uasteorainn aoise a cheadaítear chun é nó í a choimeád i seirbhís de réir mar a fhorordófar i rialacháin a dhéanfaidh an tAire faoin Acht seo.

(2) Beidh athfhruiliú cúltacaire faoin alt seo faoi réir na nithe seo a leanas—

(a) moladh ó oifigeach ceannais an chúltacaire go bhfuil an cúltacaire lena mbaineann oiriúnach lena athfhruiliú nó lena hathfhruiliú, agus

(b) an t-údarás míleata forordaithe do cheadú an chúltacaire lena mbaineann lena athfhruiliú nó lena hathfhruiliú.

(3) Féadfaidh an tAire, i ndáil le cúltacaire a dhéanfaidh iarratas ar athfhruiliú, rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar na coinníollacha a mbeidh feidhm acu maidir le cúltacaire a athfhruiliú faoin alt seo, lena n-áirítear na nithe seo a leanas—

(a) an caighdeán aclaíochta coirp a bheidh le baint amach,

(b) an cód aicmiúcháin liachta íosta a bheidh le sealbhú, agus

(c) foráil le haghaidh cibé traenáil a mheasfaidh an tAire is cuí agus a bheidh le críochnú ag cúltacaire a dhéanfaidh iarratas ar athfhruiliú.

(4) Maidir le rialacháin faoin alt seo—

(a) féadfar foráil éagsúil a dhéanamh leo i ndáil le haicmí éagsúla cúltacairí, agus

(b) féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith iontu is dealraitheach don Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán.”.

**Leasú ar alt 97 den Phríomh-Acht**

**10.** Leasaítear alt 97 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Déanfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, rátaí agus scálaí pá, liúntas agus aiscí comhaltaí d’Óglaigh na hÉireann a chinneadh agus foilseofar iad ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Aire nó thar ceann an Aire.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) na coinníollacha is infheidhme maidir le pá, liúntais agus aiscí comhaltaí d’Óglaigh na hÉireann a eisiúint;

(b) na deontais a fhéadfar a thabhairt do chomhaltaí agus d'aonaid d'Óglaigh na hÉireann agus na coinníollacha is infheidhme maidir leis na deontais sin a eisiúint.",

agus

(c) i bhfo-alt (4), trí ", de réir mar a chinnfidh an tAire faoi fho-alt (1)" a chur in ionad "faoi rialacháin a déanfar faoi fho-alt (1) den alt seo".

**Leasú ar alt 103 den Phríomh-Acht**

**11.** Leasaítear alt 103 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) Gan dochar don Acht Cosanta (Leasú), 1990 agus gan dochar d'aon rialacháin arna ndéanamh faoi, ní dhéanfaidh comhalta de na Buan-Óglaigh—

(a) agus é nó í faoi éide nó á chur faoi deara ar shlí eile go mbeidh sé nó sí in-sainaitheanta mar chomhalta de na Buan-Óglaigh—

(i) ráiteas poiblí a thabhairt ná trácht poiblí a dhéanamh, gan údarú roimh ré ó oifigeach ceannais an chomhalta, i ndáil le ní polaitiúil nó ní a bhaineann le beartas Rialtais,

(ii) freastal ar agóid, ar mhórshiúl ná ar chruinniú eile daoine i ndáil le ní polaitiúil nó ní a bhaineann le beartas Rialtais,

(b) canbhasáil a dhéanamh thar ceann aon eagraíocht nó cumann polaitíochta ná ranníocaí a bhailiú le haghaidh aon eagraíocht nó cumann polaitíochta, ná

(c) aitheasc a thabhairt ag cruinniú de chuid eagraíocht nó cumann polaitíochta.".

**Rialacháin a bhaineann le tástáil i gcomhair drugaí rialaithe agus substaintí sícighníomhacha**

**12.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 117:

**"117A.** (1) Beidh comhalta d'Óglaigh na hÉireann faoi réir drugthástála de réir rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo.

(2) Féadfaidh an tAire, i ndáil le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann, rialacháin a dhéanamh chun foráil a dhéanamh maidir le córas tástála i gcomhair drugaí rialaithe agus substaintí sícighníomhacha a bhunú, a chothabháil agus a oibriú, ar córas é lena bhféadfar foráil a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) faoi réir mhír (b), toirmeasc ar dhrugaí rialaithe nó ar shubstaintí sícighníomhacha os cionn cion sonraithe a bheith i sampla,

(b) an nós imeachta a bheidh le leanúint i gcás go mbeidh comhalta d'Óglaigh na hÉireann faoi lé druga rialaithe nó substaint shícighníomhach i gcúrsa agus de thoradh a chuid dualgas nó a cuid dualgas,

(c) samplaí a thógáil,

(d) toirmeasc ar chrioscaíl le sampla,

(e) na daoine a gceadófar dóibh sampla a thógáil,

(f) an fhaisnéis a bheidh le soláthar do chomhalta d'Óglaigh na hÉireann a gceanglófar air nó uirthi sampla a sholáthar,

(g) nithe maidir le tástáil agus anailís a dhéanamh ar shamplaí,

(h) na cúiseanna le tástáil a dhéanamh, a bhféadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh orthu—

(i) tástáil amasach, nó

(ii) tástáil spriocdhírithe i gcomhair drugaí,

(i) an cion de dhruga rialaithe nó de shubstaint shícighníomhach is gá a bheith ann chun go mbeidh toradh dearfach i sampla,

(j) an chaoi a mbeidh samplaí le stóráil,

(k) an tréimhse ar lena linn a fhéadfar samplaí a stóráil,

(l) athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí tástálacha,

(m) na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do chomhalta d'Óglaigh na hÉireann a dhiúltóidh nó a mhainneoidh sampla a sholáthar,

(n) na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do chomhalta d'Óglaigh na hÉireann i gcás gur toradh dearfach a bheidh ann ina shampla nó ina sampla, agus

(o) cibé forálacha coimhdeacha, teagmhasacha, iarmhartacha nó forlíontacha a mheasfaidh sé nó sí a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun an córas tástála i gcomhair drugaí rialaithe agus substaintí sícighníomhacha a bhunú, a chothabháil agus a oibriú.

(3) Féadfar, le rialacháin faoin alt seo, forordú a dhéanamh ar shlite éagsúla le haghaidh imthosca nó cásanna, aicmí nó cineálacha éagsúla.

(4) San alt seo—

tá le 'druga rialaithe' an bhrí chéanna atá leis in alt 2 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977;

tá le 'substaint shícighníomhach' an bhrí chéanna atá leis san Acht um Cheartas Coiriúil (Substaintí Sícighníomhacha), 2010;

ciallaíonn 'sampla' sampla d'aon cheann de na nithe seo a leanas a bheidh tógtha nó le tógáil ó dhuine:

(a) fual;

(b) gruaig, seachas gruaig phúbasach;

(c) leacht béil, lena n-áirítear seile;

(d) fuil.”.

**Leasú ar alt 161 den Phríomh-Acht**

**13.** Leasaítear alt 161 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2), i mír (ea), trí “ionchúisitheoir armchúirte” a chur in ionad “oifigeach ionchúisimh”, agus

(b) i bhfo-alt (3), trí “ionchúisitheoir armchúirte” a chur in ionad “oifigeach ionchúisimh”.

**Leasú ar alt 177 den Phríomh-Acht**

**14.** Leasaítear alt 177 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “faoi réir fho-alt (1A),” a chur isteach i ndiaidh “is é oifigeach ceannais an duine sin nó,”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Féadfaidh an Ceann Foirne, más gá sin sna himthosca—

(a) oifigeach a cheapadh chun cúiseamh a imscrúdú chun críoch fho-alt (1), nó

(b) a threorú don Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí) oifigeach a cheapadh chun na críche sin.”.

**Leasú ar alt 177A den Phríomh-Acht**

**15.** Leasaítear alt 177A den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) go mbeidh sé le himscrúdú faoi alt 177, nó”.

**Ionchúisitheoir armchúirte a cheapadh**

**16.** (1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 184F:

**“184F.** (1) Féadfaidh an Stiúrthóir aon duine de na daoine seo a leanas a cheapadh i scríbhinn chun bheith ina ionchúisitheoir nó ina hionchúisitheoir in armchúirt (dá ngairtear ‘ionchúisitheoir armchúirte’ san Acht seo):

(a) comhalta d’Óglaigh na hÉireann is aturnae cleachtach nó abhcóide cleachtach ar dháta a cheaptha nó a ceaptha faoin bhfo-alt seo;

(b) aturnae cleachtach arna ainmniú nó arna hainmniú ag an Ard-Aighne;

(c) abhcóide cleachtach arna ainmniú nó arna hainmniú ag an Ard-Aighne.

(2) Sealbhóidh ionchúisitheoir armchúirte oifig, agus scarfaidh sé nó sí le hoifig, de réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an Stiúrthóir.

(3) Féadfaidh ionchúisitheoir armchúirte, mura dtreoróidh an Stiúrthóir a mhalairt, aon fheidhm de chuid an Stiúrthóra a fheidhmiú.

(4) San alt seo—

tá le ‘abhcóide cleachtach’ an bhrí chéanna atá leis san Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015;

tá le ‘aturnae cleachtach’ an bhrí chéanna atá leis san Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.”.

(2) Aon duine a bhí, díreach roimh theacht i ngníomh *d’fho-alt (1)*, arna cheapadh nó arna ceapadh chun bheith ina oifigeach ionchúisimh nó ina hoifigeach ionchúisimh faoi alt 184F den Phríomh-Acht, measfar, ar theacht i ngníomh *d’fho-alt (1)* agus dá éis—

(a) faoi réir *mhír (b)*, é nó í a bheith ceaptha mar ionchúisitheoir armchúirte (de réir bhrí an ailt sin arna leasú le *fo-alt (1)*) faoin alt sin arna leasú le *fo-alt (1)*, agus

(b) é nó í a bheith ceaptha ar cibé téarmaí agus coinníollacha nach lú fabhar ná na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse a raibh an duine faoina réir díreach roimh theacht i ngníomh don fho-alt sin.

**Leasú ar alt 196 den Phríomh-Acht**

**17.** Leasaítear alt 196 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), trí “Féadfaidh an Stiúrthóir” a chur in ionad “Féadfaidh an t-inchúisitheoir”.

**Leasú ar alt 248 den Phríomh-Acht**

**18.** Leasaítear alt 248 den Phríomh-Acht, i mír (d), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iiA):

“(iiA) i dtaobh duine a bheith nó gan bheith, aon tráth nó tráthanna sonraithe, ag fónamh lasmuigh den Stát mar chomhalta d’Óglaigh na hÉireann le Fórsa Idirnáisiúnta ó na Náisiúin Aontaithe nó chun aon chríche dá dtagraítear in alt 3 den Acht Cosanta (Leasú), 2006, nó”.

**Toirmeasc ar úsáid an téarma “Óglaigh na hÉireann”**

**19.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 258:

**“258A.** (1) Aon duine a úsáidfidh an téarma ‘Óglaigh na hÉireann’ in ainm, teideal, tuairisc nó sainainmniú comhlachta (cibé acu corpraithe nó neamhchorpraithe), nó mar chuid den ainm sin, den teideal sin, den tuairisc sin nó den sainainmniú sin, beidh cion déanta aige nó aici.

(2) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) i gcás go n-údaraítear le dlí an téarma ‘Óglaigh na hÉireann’ a úsáid.

(3) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme D a chur air nó uirthi.

(4) I gcás cion faoin alt seo a bheith déanta ag comhlacht corpraithe nó ag duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú thar ceann comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe daoine agus go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú, le cúlcheadú nó le ceadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí thoiliúil ar thaobh, aon duine ba stiúrthóir ar an gcomhlacht

lena mbaineann nó ba chomhalta de choiste bainistíochta an chomhlachta lena mbaineann nó d'údarás rialaithe eile an chomhlachta lena mbaineann, nó arbh é nó í bainisteoir nó rúnaí an chomhlachta é nó í, nó arbh oifigeach eile don chomhlacht é nó í, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, nuair a rinneadh an cion, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.".

**Leasú ar alt 292 den Phríomh-Acht**

**20.** Leasaítear alt 292 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an alt sin a shainainmniú mar fho-alt (1),

(b) i bhfo-alt (1) (arna shainainmniú le *mír (a)*), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (i):

"(i) na coinníollacha is infheidhme maidir le pá agus liúntais a comhaltaí a eisiúint, agus na suimeanna a fhéadfar a fhorghéilleadh, a stopadh agus a bhaint as an bpá sin agus as na liúntais sin;",

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(2) Déanfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, rátaí agus scálaí pá agus liúntas comhaltaí de Sheirbhís Altranais an Airm a chinneadh agus foilseofar iad ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Aire nó thar ceann an Aire.".

**An Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach — Cuid XIII a chur isteach sa Phríomh-Acht**

**21.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid XII:

"CUID XIII

Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach Óglaigh na hÉireann

**Léiriú (Cuid XIII)**

**319.** Sa Chuid seo—

ciallaíonn 'coiste' coiste de chuid an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh arna bhunú faoi alt 328;

ciallaíonn 'an lá bunaithe' an lá arna cheapadh faoi alt 320;

ciallaíonn 'bliain airgeadais', i ndáil leis an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig in aon bhliain agus, i gcás na chéad bhliana airgeadais de chuid an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh, ciallaíonn sé an tréimhse dar tosach an lá bunaithe agus dar críoch an 31 Nollaig sa bhliain ina mbeidh an lá bunaithe.

**An lá bunaithe**

**320.** Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha na Coda seo.

**Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach Óglaigh na hÉireann**

**321.** (1) Beidh arna bhunú ar an lá bunaithe comhlacht ar a dtabharfar Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach Óglaigh na hÉireann (dá ngairtear an 'Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach' san Acht seo) chun na feidhmeanna a shanntar dó leis an Acht seo nó le haon achtachán eile a chomhlíonadh.

(2) Beidh ag an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach na cumhachtaí sin go léir a bheidh riachtanach nó fóirsteanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(3) Beidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

(4) Beidh feidhm ag an Tríú Sceideal Déag maidir leis an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach.

**Feidhmeanna an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh**

**322.** (1) Déanfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach maoirsiú agus faireachán ar bhainistiú acmhainní daonna Óglaigh na hÉireann ag Óglaigh na hÉireann agus, chun na gcríoch sin—

(a) déanfaidh sé cibé comhairle a thabhairt don Aire, maidir le nithe a eascróidh, a mheasfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach is cuí,

(b) déanfaidh sé, nuair a iarrfaidh an tAire air é, nó féadfaidh sé, ar a thionscnamh féin, athbhreithniú a sheoladh agus cibé moltaí a chur faoi bhráid an Aire, lena mbreithniú, a mheasfaidh sé is cuí,

(c) cibé faisnéis a theastóidh ón Aire ó am go ham a thabhairt don Aire i cibé formáid a theastóidh uaidh nó uaithi, agus

(d) coimeádfaidh sé an tAire ar an eolas faoi nithe iomchuí.

(2) San alt seo, folaíonn 'bainistiú acmhainní daonna Óglaigh na hÉireann'—

(a) comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a earcú,

(b) ionduchtú, traenáil (seachas cleachtaí traenála míleata), oideachas agus bainistiú feidhmíochta comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann,

(c) oibriú próisis comórtais chun ardú céime a thabhairt do chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann,

(d) oibriú próisis gearáin nó casaoide de réir nó faoi réim alt 114,

(e) Óglaigh na hÉireann d'ullmhú agus d'eisiúint treoirdhoiciméid a bhaineann le bainistiú acmhainní daonna, agus

(f) aon ní eile a d'fhéadfadh, le réasún, baint a bheith aige le bainistiú acmhainní daonna Óglaigh na hÉireann.

**Comhaltas an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh**

**323.** (1) Is iad a bheidh ar an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach líon nach lú ná 7 gcomhalta agus nach mó ná 9 gcomhalta arb iad a bheidh iontu—

(a) cathaoirleach,

(b) líon nach lú ná 5 ghnáthchomhalta agus nach mó ná 7 ngnáthchomhalta, agus

(c) Ard-Rúnaí na Roinne Cosanta a bheidh ina chomhalta nó ina comhalta *ex officio*.

(2) Faoi réir fho-ailt (3) agus (11), déanfaidh an tAire na comhaltaí den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) d'fho-alt (1) a cheapadh.

(3) Maidir leis na daoine a cheapfar faoi mhíreanna (a) agus (b) d'fho-alt (1) chun bheith ina gcomhaltaí den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach—

(a) beidh ag duine amháin díobh ar a laghad, i dtuairim an Aire, taithí agus saineolas leordhóthanach a bhaineann le feidhmeanna an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh,

(b) beidh ag duine amháin díobh ar a laghad, i dtuairim an Aire, taithí agus saineolas leordhóthanach a bhaineann le rialachas eagraíochtúil, bainistiú nó riarachán poiblí,

(c) beidh ag duine amháin díobh ar a laghad, i dtuairim an Aire, taithí agus saineolas leordhóthanach a bhaineann le cúrsaí airgeadais, lena n-áirítear acmhainní airgeadais a leithroinnt agus a bhainistiú agus cuntasacht i leith úsáid éifeachtach acmhainní airgeadais, agus

(d) beidh ag duine amháin díobh ar a laghad, i dtuairim an Aire, taithí leordhóthanach ar cheannaireacht dhíreach maidir le claochlú míleata i ndlínse eile.

(4) Féachfaidh an tAire, sa mhéid gurb indéanta é, lena chinntiú go mbeidh cóimheá chothromasach ann idir fir agus mná i measc chomhaltaí an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh.

(5) Faoi réir fho-ailt (6) agus (7), déanfaidh an tAire cathaoirleach an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh a cheapadh as measc chomhaltaí an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh.

(6) Féadfaidh an tAire, roimh lá bunaithe an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh, duine a shainainmniú lena cheapadh nó lena ceapadh mar an chéad chathaoirleach ar an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach.

(7) Ní bheidh an duine a cheapfar (nó a shainainmneofar faoi fho-alt (6)) mar chathaoirleach ar an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach tar éis fónamh mar chomhalta d'Óglaigh na hÉireann ná mar chomhalta d'fhórsaí cosanta stáit seachas an Stát.

(8) Más rud é, díreach roimh an lá bunaithe, go mbeidh duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú faoi fho-alt (6), beidh an duine, ar an lá sin, arna cheapadh nó arna ceapadh mar an chéad chathaoirleach ar an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach.

(9) Féadfaidh an tAire, roimh an lá bunaithe, daoine a shainainmniú lena gceapadh mar chéad ghnáthchomhaltaí an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh.

(10) I gcás, díreach roimh an lá bunaithe, go mbeidh duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú faoi fho-alt (9), beidh an duine, ar an lá sin, arna cheapadh nó arna ceapadh mar ghnáthchomhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach.

(11) Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (2) agus (3) i leith na nithe seo a leanas—

(a) duine a shainainmniú mar an chéad chathaoirleach ar an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach faoi fho-alt (6), ná

(b) daoine a shainainmniú mar chéad ghnáthchomhaltaí an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh faoi fho-alt (9).

(12) Faoi réir alt 329(7), féadfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach gníomhú d’ainneoin folúntas nó folúntais ina chomhaltas.

**Comhchomhairliúchán i leith ceapacháin áirithe**

**324.** (1) Féadfaidh an tAire—

(a) sula gcuirfear tús le próiseas chun duine a roghnú lena cheapadh nó lena ceapadh faoi alt 12, nó

(b) sula seolfar comórtas in aon chás eile, de réir mar a bheidh,

dul i gcomhairle leis an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach maidir leis na critéir roghnóireachta agus leis an bpróiseas earcaíochta is infheidhme i leith na nithe seo a leanas—

(i) ceapachán faoi alt 12,

(ii) ardú céime faoi alt 45 chuig céim Briogáidire-Ghinearáil,

(iii) státseirbhíseach (de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956) a cheapadh chun bheith ag obair go díreach le hÓglaigh na hÉireann, nó

(iv) sibhialtach a fhostú faoi alt 30(1)(g).

(2) I bhfo-alt (1)—

(a) ciallaíonn tagairt do státseirbhíseach státseirbhíseach nach ísle céim ná príomhoifigeach, agus

(b) ciallaíonn tagairt do shibhialtach sibhialtach a shealbhaíonn post nach ísle an tuarastal a ghabhann leis ná an chéad phointe de scála tuarastail duine ag a bhfuil céim príomhoifigigh sa státseirbhís.

**Cumhacht an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh chun faisnéis a iarraidh**

**325.** (1) I gcás, i dtuairim an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh, go bhfuil faisnéis ag an gCeann Foirne nó go bhfuil doiciméad nó rud ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú aige nó aici is iomchuí maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, féadfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a iarraidh i scríbhinn ar an gCeann Foirne—

(a) an fhaisnéis sin, an doiciméad sin nó an rud sin a thabhairt don Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, agus

(b) i gcás gur cuí é, freastal ar chruinniú leis an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach.

(2) I gcás go ndéanfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach iarraidh chuig an gCeann Foirne faoi fho-alt (1), maidir leis an gCeann Foirne—

(a) faoi réir fho-alt (3), déanfaidh sé nó sí de réir na hiarrata a luaithe is indéanta, agus

(b) féadfaidh sé nó sí, i gcás go gcreideann sé nó sí go mbeadh sé ina chúnamh don Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, a iarraidh go rachaidh aon duine de na daoine seo a leanas in éineacht leis nó léi chun freastal ar an gcruinniú leis an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach:

(i) oifigeach de na Buan-Óglaigh nach ísle céim ná cornal airm nó an chéim chabhlaigh atá comhionann léi;

(ii) státseirbhíseach (de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956) nach ísle céim ná príomhoifigeach atá ag obair go díreach le hÓglaigh na hÉireann;

(iii) sibhialtach atá ar fostú faoi alt 30(1)(g) agus a shealbhaíonn post nach ísle an tuarastal a ghabhann leis ná an chéad phointe de scála tuarastail duine ag a bhfuil céim príomhoifigigh sa státseirbhís.

(3) Féadfaidh an Ceann Foirne, ar iarraidh faoi fho-alt (1) a fháil, aon fhaisnéis, doiciméad nó rud a choinneáil siar nó eagarfholú a dhéanamh uirthi nó air i gcás go bhféadfaí, i dtuairim an Chinn Foirne, dá ndéanfaí an fhaisnéis sin, an doiciméad sin nó an rud sin a thabhairt, dochar a dhéanamh—

(a) d'imscrúdú faoi Chuid V atá ar siúl nó d'imeacht atá ar siúl os comhair armchúirte,

(b) do shlándáil an Stáit,

(c) do chosaint an Stáit,

(d) do nithe a bhaineann le Tuaisceart Éireann, nó

(e) do chaidreamh idirnáisiúnta an Stáit.

(4) I gcás go mbeidh an Ceann Foirne den tuairim go bhfuil feidhm ag fo-alt (3) i ndáil le hiarraidh arna déanamh chuige nó chuici, déanfaidh an Ceann Foirne fógra i scríbhinn á rá sin a thabhairt don Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach.

(5) Déanfaidh an Ceann Foirne, ar iarraidh faoi fho-alt (1) a fháil, eagarfholú ar na sonraí pearsanta go léir (de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016[1]) lena mbaineann an iarraidh sin san fhaisnéis, sa doiciméad nó sa rud lena mbaineann sula dtabharfaidh sé nó sí an fhaisnéis sin, an doiciméad sin nó an rud sin don Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach.

**Téarmaí ceapacháin agus coinníollacha oifige chomhaltaí an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh**

**326.** (1) Faoi réir fho-alt (2), beidh comhalta, seachas an comhalta *ex officio*, den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach i seilbh oifige, mura túisce a gheobhaidh an comhalta bás, a éireoidh sé nó sí as oifig, a thiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe nó a chuirfear as oifig é nó í, ar feadh cibé tréimhse, nach faide ná 4 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha, a chinnfidh an tAire.

(2) Maidir leis na gnáthchomhaltaí den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a cheapfar den chéad uair faoin Acht seo—

(a) beidh 3 chomhalta díobh i seilbh oifige ar feadh tréimhse 4 bliana ó dháta a gceaptha faoi seach mar ghnáthchomhaltaí den sórt sin, agus

(b) beidh an chuid eile de na comhaltaí i seilbh oifige ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta a gceaptha faoi seach mar ghnáthchomhaltaí den sórt sin.

(3) Faoi réir fho-alt (4), beidh comhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a rachaidh a théarma oifige nó a téarma oifige in éag trí imeacht aimsire in-athcheaptha chun an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh.

(4) Maidir le duine a ndéanfaidh an tAire é nó í a athcheapadh chun an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh de réir fho-alt (3), ní bheidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh tréimhsí comhleanúnacha is faide ná 8 mbliana.

(5) Beidh cathaoirleach agus gnáthchomhaltaí an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, tráth a gceaptha nó a n-athcheaptha agus íocfar iad as airgead a bheidh faoina réir ag an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach.

(6) Féadfaidh comhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach éirí as oifig trí fhógra i scríbhinn a bheidh dírithe chuig an Aire agus beidh

1 1 IO Uimh. L119, 4.5.2016, lch. 1

éifeacht leis an éirí as ar an dáta a gheobhaidh an tAire an fógra nó, má shonraítear dáta san fhógra agus má thoilíonn an tAire leis an dáta sin, ar an dáta sin.

**Comhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a chur as oifig**

**327.** (1) Féadfaidh an tAire comhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a chur as oifig i gcás gur deimhin leis nó léi go bhfuil feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na forais a shonraítear i bhfo-alt (2) maidir leis an gcomhalta.

(2) Sonraítear na forais seo a leanas chun críocha fho-alt (1):

(a) gur mhainnigh an comhalta, gan leithscéal réasúnach, a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhall;

(b) go bhfuil an comhalta tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte nó ar chúis eile, ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach;

(c) gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe;

(d) go bhfuil easaontacht leasa ag an gcomhalta atá chomh suntasach sin gur chóir go scoirfeadh sé nó sí d'oifig a shealbhú;

(e) go bhfuil an comhalta, ar shlí eile, neamhfheidhmiúil chun an oifig a shealbhú nó neamhábalta a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhall.

(3) I gcás go mbeartóidh an tAire comhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a chur as oifig de bhun fho-alt (1), tabharfaidh sé nó sí fógra, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara fógra a thabhairt, i scríbhinn, don chomhalta lena mbaineann faoina bhfuil beartaithe.

(4) Beidh na nithe seo a leanas i bhfógra faoi fho-alt (3)—

(a) ráiteas maidir leis na cúiseanna lena bhfuil beartaithe,

(b) ráiteas á rá go bhféadfaidh an comhalta lena mbaineann den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, laistigh de 30 lá oibre ón tráth a chuirfear an fógra nó cibé tréimhse is faide ná sin a shonróidh an tAire, uiríll a dhéanamh chuig an Aire, ar cibé modh a shonrófar san fhógra, maidir leis an gcúis nár chóir é nó í a chur as oifig, agus

(c) ráiteas á rá, i gcás nach bhfaighfear aon uiríll laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe faoi mhír (b), go bhféadfaidh an tAire, gan a thuilleadh fógra, dul ar aghaidh leis an gcomhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a chur as oifig de réir an ailt seo.

(5) Nuair a bheidh breithniú á dhéanamh i dtaobh comhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a chur as oifig de réir an ailt seo, cuirfidh an tAire na nithe seo a leanas i gcuntas—

(a) aon uiríll a bheidh déanta de réir fho-alt (4)(b), agus

(b) aon nithe eile a mheasfaidh an tAire is iomchuí chun críocha na breithe.

(6) I gcás, tar éis na huiríll (más ann) agus na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (5) a chur i gcuntas, go dtabharfaidh an tAire breith an comhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a chur as oifig, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn don chomhalta sin maidir leis an mbreith agus maidir leis na cúiseanna atá léi.

**Coistí de chuid an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh**

**328.** (1) Féadfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach cibé coistí agus cibé líon coistí is dóigh leis is cuí a bhunú chun cúnamh agus comhairle a thabhairt dó i ndáil le haon cheann nó gach ceann dá chuid feidhmeanna faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile a chomhlíonadh.

(2) Maidir le coiste—

(a) beidh air cibé líon comhaltaí den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a chinnfidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach,

(b) féadfaidh aon líon státseirbhíseach (de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956) a bheidh sannta don Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach faoi alt 330 agus a chinnfidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a bheith air, agus

(c) faoi réir mhíreanna 7 agus 8 den Tríú Sceideal Déag, féadfaidh daoine nach comhaltaí den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a bheith air.

(3) Nuair a bheidh comhaltaí coiste á gceapadh aige, beidh aird ag an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach ar na nithe seo a leanas—

(a) an réimse cáilíochtaí agus taithí is gá chun feidhmeanna an choiste a chomhlíonadh go cuí agus go héifeachtach, agus

(b) a inmhianaithe atá sé go mbeidh cóimheá chothromasach ann idir fir agus mná ar an gcoiste.

(4) Déanfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach cathaoirleach coiste a cheapadh as measc chomhaltaí an choiste.

(5) Féadfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach comhalta de choiste a chur as oifig aon tráth ar chúiseanna sonraithe.

(6) Féadfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach téarmaí tagartha coiste a chinneadh agus nós imeachta coiste a rialáil.

(7) Beidh gníomhartha coiste faoi réir a ndaingnithe ag an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, mura gcinnfidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a mhalairt.

(8) Déanfaidh coiste cibé faisnéis, maidir le gníomhaíochtaí agus oibríochtaí an choiste, a theastóidh ón gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach ó am go ham a thabhairt don Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach chun go gcomhlíonfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a chuid feidhmeanna.

(9) Féadfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach coiste a dhíscaoileadh aon tráth.

(10) Féadfaidh coiste gníomhú d'ainneoin folúntas nó folúntais ina chomhaltas.

**Cruinnithe agus gnó an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh**

**329.** (1) Tionólfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe, nach lú ná 6 chruinniú i ngach tréimhse 12 mhí, is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Socróidh cathaoirleach an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh dáta, tráth agus ionad an chéad chruinnithe den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, ar dáta é nach déanaí ná deireadh na tréimhse 3 mhí dar tosach an lá bunaithe.

(3) Féadfaidh cathaoirleach an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh cruinniú den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a ghairm a thionólfar aon tráth réasúnach.

(4) Féadfaidh aon 4 chomhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach cruinniú den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a ghairm i gcás—

(a) go ndiúltóidh an cathaoirleach cruinniú a ghairm tar éis iarraidh chuige sin arna síniú ag líon nach lú ná 4 chomhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a thíolacadh dó nó di, nó

(b) nach ndéanfaidh an cathaoirleach, gan diúltú cruinniú a ghairm, cruinniú a ghairm laistigh de 7 lá tar éis iarraidh a thíolacadh dó nó di faoi mhír (a).

(5) Déanfaidh na comhaltaí a bheidh i láthair ag cruinniú arna ghairm faoi fho-alt (4) duine dá líon a roghnú chun bheith i gceannas ar an gcruinniú.

(6) Ag cruinniú den Choiste Formhaoirsithe Seachtrach—

(a) beidh cathaoirleach an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh, má tá sé nó sí i láthair, i gceannas ar an gcruinniú, nó

(b) i gcás nach mbeidh, agus fad nach mbeidh, cathaoirleach an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh i láthair nó i gcás go mbeidh an oifig sin folamh, roghnóidh na comhaltaí eile den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a bheidh i láthair duine dá líon chun bheith i gceannas ar an gcruinniú.

(7) Is é is córam do chruinniú den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach—

(a) i gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (4), 3 chomhalta agus an comhalta a bheidh roghnaithe faoi fho-alt (5) chun bheith i gceannas ar an gcruinniú,

(b) i gcás go mbeidh feidhm ag mír (b) d'fho-alt (6), 3 chomhalta agus an comhalta a bheidh roghnaithe faoin mír sin (b) chun bheith i gceannas ar an gcruinniú, agus

(c) in aon chás eile, 4 chomhalta agus cathaoirleach an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh.

(8) Beidh vóta ag gach comhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a bheidh i láthair ag cruinniú den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach.

(9) Déanfar gach ceist ag cruinniú den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach ar gá vótáil ina leith a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.

(10) I dteannta cruinniú ag a mbeidh na rannpháirtithe go léir i láthair go fisiciúil, féadfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach cruinniú a thionól nó leanúint de chruinniú trí aon mhodh cumarsáide a úsáid trínar féidir leis na rannpháirtithe go léir cloisteáil, agus trínar féidir na rannpháirtithe go léir a chloisteáil, ag an am céanna (dá ngairtear 'cruinniú cianda' san alt seo).

(11) Aon chomhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a ghlacfaidh páirt i gcruinniú cianda, glacfar leis chun gach críche go raibh sé nó sí i láthair ag an gcruinniú.

(12) Faoi réir na Coda seo, féadfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a nósanna imeachta féin a chinneadh.

**Foireann agus áitreabh an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh**

**330.** (1) Déanfaidh an tAire cibé foireann agus cibé líon foirne a mheasfaidh sé nó sí is cuí a shannadh don Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach chun go ndéanfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a fheidhmeanna a chomhall.

(2) Beidh comhalta foirne a shannfar don Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach ina státseirbhíseach (de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956).

(3) Déanfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, áitreabh cuí a sholáthar don Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach ina ndéanfaidh sé a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

**Cumhacht an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh chun conarthaí a dhéanamh agus sainchomhairleoirí agus comhairleoirí a fhostú**

**331.** (1) Féadfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe—

(a) cibé sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a fhostú a mheasfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach is gá chun cúnamh a thabhairt maidir lena fheidhmeanna a chomhlíonadh, agus

(b) conradh a dhéanamh le haon duine nó comhlacht maidir le haon ní a eascróidh i ndáil lena fheidhmeanna.

(2) Íocfar, as na hacmhainní a bheidh faoina réir ag an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, le sainchomhairleoirí, comhairleoirí, daoine nó comhlachtaí dá dtagraítear i bhfo-alt (1), cibé táillí (más ann) nó

liúntais i leith caiteachais (más ann) arna dtabhú ag an sainchomhairleoir, ag an gcomhairleoir, ag an duine nó ag an gcomhlacht, de réir mar a bheidh, a chinnfidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

(3) Is ar feadh cibé tréimhse agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach a fhostófar sainchomhairleoir nó comhairleoir faoi mhír (a) d'fho-alt (1) agus a dhéanfar conradh faoi mhír (b) den fho-alt sin.

**Ráiteas straitéise don Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach**

**332.** (1) Déanfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach—

(a) a luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe, ráiteas straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire i leith na tréimhse 3 bliana díreach tar éis na bliana ina gcuirfear an ráiteas straitéise faoi bhráid an Aire amhlaidh, agus

(b) le linn na tréimhse 6 mhí roimh dheireadh na tréimhse 3 bliana lena mbaineann an ráiteas straitéise a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire, ráiteas straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire i leith na tréimhse 3 bliana díreach tar éis na bliana ina rachaidh an ráiteas straitéise céadluaite in éag.

(2) Beidh na nithe seo a leanas ar áireamh i ráiteas straitéise faoin alt seo—

(a) cuspóirí fíorthábhachtacha, aschuir agus straitéisí gaolmhara an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh, lena n-áirítear úsáid acmhainní an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh, i ndáil leis an tréimhse lena mbaineann an ráiteas, agus

(b) ach amháin i gcás an chéad ráitis straitéise a ullmhófar faoin alt seo, athbhreithniú agus meastóireacht ar obair an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna sna 3 bliana roimhe sin.

(3) Nuair a bheidh ráiteas straitéise á ullmhú faoin alt seo, beidh aird ag an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach ar na nithe seo a leanas—

(a) an gá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as na hacmhainní atá ar fáil dó, agus

(b) beartais an Rialtais nó aon Aire den Rialtas a mhéid a d'fhéadfadh na beartais sin difear a dhéanamh d'fheidhmeanna an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh nó baint a bheith acu leo.

(4) Déanfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, sula gcuirfidh sé ráiteas straitéise faoi bhráid an Aire faoi fho-alt (1)—

(a) dréacht den ráiteas straitéise a fhoilsiú ar cibé modh a mheasfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach is cuí,

(b) 30 lá a cheadú do dhaoine ó dháta an fhoilsithe faoi mhír (a) chun uiríll i scríbhinn a dhéanamh chuig an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach maidir leis an dréacht den ráiteas straitéise, agus

(c) tar éis na huiríll (más ann) arna ndéanamh de bhun mhír (b) a bhreithniú, an ráiteas straitéise a chur faoi bhráid an Aire, fara modhnuithe nó dá n-éagmais.

(5) Cuirfidh an tAire faoi deara ráiteas straitéise a gheobhaidh sé nó sí faoi fho-alt (1) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis é a fháil.

(6) Cinnteoidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis an ráiteas straitéise a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, an ráiteas straitéise a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach nó thar a cheann nó ar cibé modh eile a mheasfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach is cuí.

**Tuarascáil bhliantúil an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh**

**333.** (1) Déanfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh gach bliana, tuarascáil ar a ghníomhaíochtaí le linn na bliana roimhe sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Más rud é, faoi fho-alt (1), go mbainfeadh an chéad tuarascáil bhliantúil le tréimhse ba ghiorra ná 6 mhí, bainfidh an tuarascáil sin, ina ionad sin, d'ainneoin an fho-ailt sin, le comhlíonadh fheidhmeanna an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh le linn na tréimhse sin agus le linn na bliana díreach i ndiaidh na tréimhse sin agus déanfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach an chéad tuarascáil bhliantúil sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 3 mhí, tar éis dheireadh na bliana sin.

(3) Beidh ar áireamh i dtuarascáil dá dtagraítear i bhfo-alt (1) ráiteas faoi shocruithe an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh maidir le hoibriú de réir caighdeáin dea-rialachais.

(4) Cuirfidh an tAire faoi deara cóip de thuarascáil dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis dó nó di an tuarascáil a fháil.

(5) Cinnteoidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóip de thuarascáil faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, an tuarascáil a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach nó thar a cheann nó ar cibé modh eile a mheasfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach is cuí.

**Deontais arna n-íoc ag an Aire leis an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach**

**334.** I ngach bliain airgeadais, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, cibé suimeanna is dealraitheach don Aire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, a bheith leordhóthanach le réasún chun críoch

caiteachais ag an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach i gcomhlíonadh a fheidhmeanna a airleacan chuig an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

**Cuntais an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh**

**335.** (1) Coimeádfaidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, nó cuirfidh sé faoi deara go gcoimeádfar, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé agus, go háirithe, coimeádfaidh sé, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, na cuntais speisialta sin go léir (más ann) a threoróidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

(2) Déanfar cuntais a choimeádfar de réir fho-alt (1) a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, tráth nach déanaí ná an 1 Aibreán sa bhliain díreach tar éis na bliana airgeadais lena mbaineann siad nó ar cibé dáta is luaithe ná sin a threoróidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, lena n-iniúchadh agus, díreach tar éis an iniúchta, déanfar cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais a thíolacadh don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is féidir tar éis iad a thíolacadh amhlaidh, cóipeanna díobh a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.”.

**An Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach — an Tríú Sceideal Déag a ghabhann leis an bPríomh-Acht a chur isteach**

**22.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an Sceideal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an Dóú Sceideal Déag:

“AN TRÍÚ SCEIDEAL DÉAG

*An Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach*

Alt 321(4)

1. Beidh an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach ina chomhlacht corpraithe ag a mbeidh comharbas suthain agus séala agus beidh cumhacht agartha aige, agus féadfar é a agairt, ina ainm corpraithe agus, le toiliú an Aire arna thabhairt le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, beidh an chumhacht aige chun talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt agus beidh an chumhacht aige chun aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

2. Déanfar séala an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh a fhíordheimhniú—

   (a) le síniú comhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, agus

   (b) le síniú comhalta d’fhoireann an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh arna údarú nó arna húdarú i scríbhinn ag an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach chun gníomhú chuige sin.

3. Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh agus glacfar i bhfianaise aon doiciméad a airbheartóidh gur ionstraim é a rinne an Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach agus a bheith séalaithe le séala an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh (a airbheartóidh a bheith fíordheimhnithe de réir mhír 2) agus measfar gurb é an ionstraim sin é gan a thuilleadh cruthúnais, mura gcruthófar a mhalairt.

4. Féadfaidh aon duine a bheidh údaraithe ag an gComhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, i gcoitinne nó go speisialta, chun gníomhú chuige sin aon chonradh nó ionstraim a dhéanamh nó a fhorghníomhú thar ceann an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh, ar conradh nó ionstraim é nó í nár ghá a bheith faoi shéala dá mba phearsa aonair a dhéanfadh nó a d'fhorghníomhódh é nó í.

5. Ní bheidh duine incháilithe lena mholadh nó lena moladh chun a cheaptha nó chun a ceaptha, ná lena cheapadh nó lena ceapadh, mar chomhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach más rud é—

   (a) gur comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas é nó í,

   (b) go bhfuil sé nó sí i dteideal, faoi rialacha nóis imeachta Pharlaimint na hEorpa, suí sa Pharlaimint sin,

   (c) gur comhalta d'údarás áitiúil é nó í,

   (d) gur comhalta d'Óglaigh na hÉireann é nó í,

   (e) gur iarchomhalta d'Óglaigh na hÉireann é nó í a d'fhóin mar chomhalta le linn na tréimhse 5 bliana díreach roimh mholadh nó ceapachán,

   (f) gur státseirbhíseach (de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956) é nó í atá ag fónamh sa Roinn Cosanta, seachas an tArd-Rúnaí, nó

   (g) gur státseirbhíseach (de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956), nó iar-státseirbhíseach, é nó í a d'fhóin leis an Roinn Cosanta le linn na tréimhse 5 bliana díreach roimh mholadh nó ceapachán.

6. I gcás, maidir le comhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach—

   (a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

   (b) go ndéanfar é nó í a thoghadh mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa,

   (c) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa, nó

   (d) go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil,

   scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach agus, más infheidhme,

ina chomhalta nó ina comhalta de choiste de chuid an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh.

7. Beidh comhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach nó comhalta de choiste de chuid an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh neamh-incháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta, agus scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta, i gcás—

   (a) faoi réir mhír 8, go mbreithneofar ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í,

   (b) go ndéanfaidh sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht lena chreidiúnaithe nó lena creidiúnaithe,

   (c) go gciontófar é nó í i gcion indíotáilte, nó go gciontófar é nó í lasmuigh den Stát mar gheall ar chion arb éard é gníomhartha nó neamhghníomhartha ar chion iad ab intriailte ar díotáil dá mba sa Stát a dhéanfaí iad,

   (d) go gciontófar é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht,

   (e) go gciontóidh armchúirt é nó í i gcion in aghaidh an dlí mhíleata a gcuirfear téarma nach giorra ná 12 mhí de phianbhreith phríosúnachta air nó uirthi ina leith i leith an chiona sin,

   (f) go ngearrfaidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi,

   (g) go mbeidh dearbhú faoi alt 819 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 déanta ina choinne nó ina coinne nó go measfar é nó í a bheith faoi réir dearbhú den sórt sin de bhua Chaibidil 5 de Chuid 14 den Acht sin, nó

   (h) go mbeidh sé nó sí, nó go measfar é nó í a bheith, faoi réir ordú dícháilíochta de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 14 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 cibé acu de bhua na Caibidle sin nó aon fhoráil eile den Acht sin.

8. Ní bheidh duine neamh-incháilithe faoi fhomhír (a) de mhír 7 lena cheapadh nó lena ceapadh mar chomhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach nó mar chomhalta de choiste de chuid an Chomhlachta Formhaoirsithe Sheachtraigh ach amháin fad nach mbeidh deimhniú urscaoilte ón bhféimheacht faighte aige nó aici nó nach mbeidh an fhéimheacht neamhnithe.

9. I gcás nach bhfreastalóidh comhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, ar feadh tréimhse chomhleanúnach 6 mhí, ar chruinniú den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach, scoirfidh sé nó sí, ag deireadh na tréimhse sin, de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhlacht Formhaoirsithe Seachtrach mura léireoidh an comhalta chun sástacht an Aire gur mar gheall ar easláinte a mhainnigh sé nó sí freastal.

10. Sa Sceideal seo, ciallaíonn 'údarás áitiúil' údarás áitiúil de réir bhrí alt 2 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.".

## CUID 3

### Leasú ar Achtacháin eile

**Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986**

**23.** Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 trí "Comhlacht Formhaoirsithe Seachtrach Óglaigh na hÉireann" a chur isteach.

**Leasú ar an Acht Cosanta (Leasú), 1990**

**24.** Leasaítear an tAcht Cosanta (Leasú), 1990—

(a) in alt 2—

(i) i bhfo-alt (1), trí "alt 2A agus" a chur isteach i ndiaidh "Faoi réir",

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Beidh comhlachas neamhspleách ar aon cheardchumann nó aon chomhlacht eile lasmuigh d'Óglaigh na hÉireann agus ní bheidh sé comhlachaithe leo.",

agus

(iii) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(3A) Féadfaidh an tAire, d'ainneoin fho-alt (3), comhlachas a údarú i scríbhinn chun bheith comhlachaithe le ceardchumann nó le haon chomhlacht eile lasmuigh d'Óglaigh na hÉireann i cibé cásanna agus ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha nó srianta a shonróidh sé nó sí.

(3B) Féadfaidh an tAire, faoi réir fho-alt (3C), údarú faoi fho-alt (3A) a athrú nó a tharraingt siar le fógra i scríbhinn.

(3C) I gcás go mbeartóidh an tAire, faoi fho-alt (3B), údarú a athrú nó a tharraingt siar, déanfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn, ina luafar na cúiseanna, a thabhairt don chomhlachas maidir leis an mbreith bheartaithe.

(3D) Luafar i bhfógra a thabharfar faoi fho-alt (3C) go bhféadfaidh an comhlachas, tráth nach déanaí ná 7 lá (nó cibé tréimhse eile a shonróidh an tAire) ó dháta an fhógra, uiríll i scríbhinn a dhéanamh chuig an Aire i ndáil leis an mbreith bheartaithe chun an t-údarú a athrú nó a tharraingt siar.

(3E) I gcás go mbeidh fógra tugtha faoi fho-alt (3C), ní thabharfaidh an tAire breith i dtaobh údarú a athrú nó a tharraingt siar—

(a) go dtí go mbeidh breithniú déanta aige nó aici ar na huiríll, más ann, arna ndéanamh ag an gcomhlachas de réir an fhógra, nó

(b) go dtí go mbeidh an tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (3D) caite agus gan aon uiríll a bheith déanta ag an gcomhlachas.

(3F) I gcás go dtabharfaidh an tAire breith, tar éis dó nó di na huiríll, más ann, arna ndéanamh de réir an fhógra arna thabhairt faoi fho-alt (3C), chun

údarú a athrú nó a tharraingt siar, tabharfaidh an tAire fógra i scríbhinn don chomhlachas maidir leis an mbreith agus maidir leis na cúiseanna leis an mbreith.”,

(b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 2:

**“Gníomhaíochtaí toirmiscthe comhlachais**

**2A.** (1) Ní dhéanfaidh comhlachas—

(a) gníomh tionscail in Óglaigh na hÉireann nó in aon chomhlacht eile nó earnáil eile a iarraidh ná tacú leis an gcéanna,

(b) comhaltaí a spreagadh chun dul ar stailc nó chun gabháil d’aon ghníomh stailce nó d’aon chineál aighnis ceirde nó gnímh tionscail,

(c) comhaltaí a spreagadh, go díreach nó go neamhdhíreach, chun dul ar stailc, nó chun gabháil do ghníomh stailce nó d’aon aighneas ceirde eile nó d’aon ghníomh tionscail ag eagraíocht, ceardchumann nó duine eile,

(d) comhaltaí a spreagadh chun diúltú ordú dleathach chun dul thar líne phicéid a leanúint,

(e) comhaltaí a spreagadh chun a n-oibleagáidí faoin dlí míleata a shárú,

(f) taobhú nó tacú le haon seasamh oifigiúil a ghlacfaidh Comhar Ceardchumann na hÉireann nó eagraíocht eile nó a dtaobhóidh nó a dtacóidh Comhar Ceardchumann na hÉireann nó eagraíocht eile leis, mar thaca le haon ghníomh tionscail a dhéanfaidh aon pháirtí, ná

(g) gan dochar don chuspóir arb éard é comhlachas do dhéanamh ionadaíocht do chomhaltaí—

(i) ráiteas poiblí a thabhairt ná trácht poiblí a dhéanamh maidir le ní polaitiúil nó ní a bhaineann le beartas Rialtais, ná

(ii) comhaltaí a spreagadh chun gabháil do chorraíl phoiblí, agóid, brústocaireacht nó tráchtaireacht sna meáin (lena n-áirítear tráchtaireacht trí na meáin shóisialta) maidir le ní polaitiúil nó ní a bhaineann le beartas Rialtais.

(2) Gan dochar d’fho-alt (1), féadfaidh an tAire, i gcás go gcinnfidh sé nó sí gur baol do shlándáil an Stáit gníomhaíocht, fógra a thabhairt i scríbhinn do chomhlachas nó d’ionadaí de chuid comhlachas á rá go bhfuil toirmeasc air gabháil don ghníomhaíocht cibé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht sin sonraithe i bhfo-alt (1) agus a threorú dó nó di staonadh ón ngníomhaíocht sin nó scor de bheith ag gabháil di.

(3) I bhfo-alt (1), folaíonn ‘spreagadh’ iarraidh a dhéanamh nó tacaíocht a thabhairt ar shlí eile.”,

agus

(c) in alt 5, trí “de réir alt 3 den Acht Cosanta (Leasú), 2006” a chur in ionad “ar shlí eile”.

**Leasú ar alt 2 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004**

**25.** Leasaítear alt 2 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

"(10) Ní bheidh duine incháilithe lena cheapadh nó lena ceapadh faoi fho-alt (2) má tá sé nó sí, nó má bhí sé nó sí aon tráth le linn na tréimhse 5 bliana díreach roimh an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh faoi chomórtas chun bheith ina Ombudsman nó ina hOmbudsman—

(a) ina chomhalta nó ina comhalta d'Óglaigh na hÉireann,

(b) ina státseirbhíseach (de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956) sa Roinn Cosanta, nó

(c) ina shibhialtach nó ina sibhialtach atá ar fostú ag an Aire faoi alt 30(1)(g) d'Acht 1954.".

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€3.81

9 781399 341202